

5 Saol an déagóra

Tá nótaí breise ar an ábhar seo san aonad ar an litir, an scéal agus an scrúdú cainte.

- An saol sa choláiste
- Cairde agus daoine cairdiúla
- Duine cairdiúil a bhfuil meas agam air nó uirthi
- Fadhbanna an déagóra

Céim I



Foghlaim na nathanna agus na focail seo thíos, agus pléigh an t-ábhar sa rang.

A An saol sa choláiste

Má fhaighim na pointí cuí rachaidh mé chun na hollscoile
If I get the appropriate points I will go to university

Is cúrsa dúshlánach é
It's a challenging course

Tá neamhspléachas ag daoine óga sa choláiste
Young people have independence in college

Tugann an ollscoil deis do dhaoine ar bhualadh le daoine óga eile
University gives people a chance to meet other young people

Is breá liom an tsaoirse
I love the freedom

Ba mhaith liom ballraíocht a fháil sa chlub díospóireachta agus sa chlub rothaíochta
I would like to become a member of the debating club and the cycling club

Gheobhaidh mé deis ar staidéar a dhéanamh ar ábhair suimiúla
I will get the chance to study interesting subjects



B Cairde agus daoine cairdiúla**Aidiachtaí mar chabhair a thabhairt duit!**

tuisceanach	<i>understanding</i>	cabhrach	<i>helpful</i>
lách	<i>gentle, pleasant</i>	cineálta	<i>kind</i>
taitneamhach	<i>pleasant</i>	cliste	<i>clever</i>
dílis	<i>loyal</i>	aerach	<i>carefree, lively</i>
díograiseach	<i>enthusiastic</i>	éirimiúil	<i>talented, intelligent</i>

Tá cairde an-tábhachtach i mo shaol.
Friends are very important in my life.

Tugann said tacaíocht agus comhairle dom.
They give me support and advice.

Ar scoil bíonn deis ag déagóirí ar bhualadh lena gcairde.
At school teenagers have a chance to meet their friends.

Tá an-bhrú ar dhaoine óga inniu.
There is a lot of pressure on young people today.

Tugann cineálacha éagsúla caitheamh aimsire deis do dhéagóirí ar bhualadh le chéile agus a scíth a ligean.
The various pastimes give teenagers a chance to meet together and to relax.

**C Cleachtadh sa rang**

Críochnaigh na habairtí seo a leanas agus cum abairtí breise os ard sa rang.

Is é an cara is fearr atá agam ná _____

Is duine _____

Is maith liom é/í toisc _____

Tá cairde tábhachtach i mo shaol, mar _____

An tréith is láidre atá aige/aici ná _____

An caitheamh aimsire is fearr leis/léi _____

Scríobh alt i do chóipleabhar faoin gcara is fearr atá agat.

Céim 2

Bain úsáid as na nótaí chun na cleachtaí seo a leanas a dhéanamh.

1 Líon na bearnaí san alt seo.

Tá a lán _____ agam ar scoil. Gach maidin buailim le mo chairde ar an mbus _____, agus bíonn an-spórt againn le chéile. Ag am _____ téimid le chéile chun an tsiopa áitiúil agus déanaimid pleananna don _____. Gach tráthnóna seolann mo chairde _____ chugam ar m'fhón siúil agus nuair a bhíonn m'obair bhaile _____ tugann said cabhair dom. Is daoine cairdiúla _____ iad mo chairde, agus tá súil agam go mbuailimid le chéile nuair a bheidh an Ardteistiméireacht _____.

teachtaireachaí, críochnaithe, cairde, lóin, deireadh seachtaine, ródheacair, scoile, tuisceanacha

2 Meitseáil na nathanna cainte agus na habairtí seo a leanas:

- | | |
|-----------------------------------|----------------------------------|
| A Gheobhaidh mé deis ar staidéar | 1 daoine óga sa choláiste |
| B Ba mhaith liom imirt ar an | 2 ar bhualadh lena gcairde |
| C Tá cairde an-tábhachtach | 3 bhfoireann iománaíochta |
| D Ar scoil bíonn deis ag déagóirí | 4 dúshlánach é |
| E Bíonn neamhspléachas ag | 5 a dhéanamh ar ábhair shuimiúla |
| F Tá an-bhrú ar dhaoine | 6 i mo shaol |
| G Is cúrsa | 7 óga inniu |

1	2	3	4	5	6	7

Céim 3

Léigh an giota seo a leanas, agus foghlaim na nathanna cainte atá ann.

Duine a bhfuil meas agam air

Tá an-mheas agam ar Bhrian O'Driscoll. Is sárimreoir é ar fhoireann rugbaí na hÉireann. Rugadh agus tógadh é i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath, agus d'fhreastail sé ar an mbunscoil áitiúil. Nuair a bhí sé óg thaitin gach saghas spóirt go mór leis. D'fhreastail sé ar Choláiste na Carraige Duibhe, agus is ann a thosaigh sé ag imirt rugbaí.

Tar éis an scoil a fhágáil d'fhreastail sé ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus sa bhliain 1999 tugadh seans dó imirt ar fhoireann rugbaí na hÉireann den chéad uair. Ina chéad chluiche thaispeáin sé don bhainisteoir go raibh tallann agus scil aige. Tá sé dílis don fhoireann, agus spreagann sé na himreoirí óga eile.

Réitíonn Brian go maith leis na himreoirí eile ar an bhfoireann, agus deir said go bhfuil sé cairdiúil agus cabhrach. Go minic tugann sé cuairt ar chlubanna rugbaí timpeall na tíre chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga. Is léir ó na hailt nuachtáin atá scríofa faoi go bhfuil sé gealgháireach aerach i gcónaí. Tá an-mheas agam air.

Scríobh giota leanúnach (leathleathanach nó mar sin) ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas:

- (i) An tslí bheatha ba mhaith liom
- (ii) An cineál saoil a bheidh agam tar éis na hArdteistiméireachta
- (iii) Daoine óga in Éirinn inniu

Léigh an giota seo thíos, agus foghlaim na nathanna cainte atá ann.

Mo shaol tar éis na hArdteistiméireachta

Tar éis na hArdteistiméireachta rachaidh mé chun an choláiste réigiúnaigh. Ba mhaith liom post a fháil in óstán, agus ba mhaith liom cúrsa oiriúnach a dhéanamh chuige sin. I rith an chúrsa tabharfaidh mé cuairt ar na hóstáin áitiúla, agus déanfaidh mé obair éagsúil. Tá súil agam go mbainfidh mé taitneamh as.

An samhradh seo chugainn gheobhaidh mé post páirtaimseartha san óstán áitiúil mar rúnaí. Buailfidh mé le cuairteoirí, cabhróidh mé leo gach lá, agus foghlaimeoidh mé faoin óstán. Tabharfaidh an post deis dom ar chairdeas nua a dhéanamh, agus tuillfidh mé airgead.

Tá an-suim agam sa spórt, agus ba mhaith liom níos mó ama a chaitheamh ag imirt leadóige. Is breá liom spóirt de gach saghas, agus measaim go bhfuil spórt an-tábhachtach dúinn go léir. Tar éis na hArdteistiméireachta ba mhaith liom taitneamh a bhaint as an saol!

Scríobh giota (leathleathanach nó mar sin) ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas:

- (i) Cairde
- (ii) Daoine tuisceanacha
- (iii) Duine a bhfuil meas agam air



Céim 4

Foghlaim na nathanna cainte agus na focail seo thíos, agus pléigh an t-ábhar sa rang.

A Fadh na ndrugaí

fadh	<i>problem</i>	brú	<i>pressure</i>
mangairí drugaí	<i>drug dealers</i>	strus	<i>stress</i>
ag instealladh	<i>injecting</i>	ag caitheamh	<i>using, smoking</i>
tacaíocht	<i>support</i>	comhairle	<i>advice</i>
mídhleathach	<i>illegal</i>	gafa le	<i>addicted to</i>
andúiligh	<i>addicts</i>	haisis	<i>marijuana</i>
hearóin	<i>heroin</i>	grúpaí áitiúla	<i>local groups</i>
clinicí lae	<i>day clinics</i>	baolach	<i>dangerous</i>

Tá fadhb na ndrugaí go forleathan in Éirinn inniu.
The drugs problem is widespread in Ireland today.

Is léir go bhfuil an fhadhb ag méadú bliain i ndiaidh bliana.
It is clear that the problem is increasing year after year.

Tá cumhachtaí nua ag na Gardaí chun dul i ngleic leis an bhfadhb.
The Gardaí have new powers to get to grips with the problem.


Cónaíonn na barúin drugaí i dtithe móra galánta.
The drug barons live in big, fancy houses.

Tá fadhb na ndrugaí níos measa in áiteanna atá go dona ó thaobh áiseanna de.
The drugs problem is worse in areas where facilities are poor.

Is gnó luachmhar é ar fud an domhain.
It is a profitable business throughout the world.

Tá gá le comhoibriú idir na Gardaí agus na heagraíochtaí deonacha.
There is a need for co-operation between the Gardaí and the voluntary organisations.

Ní féidir a rá go mbaineann fadhb na ndrugaí le haicme amháin ná le ceantar ar leith.
It cannot be said that the drugs problem is associated with one class or with a particular area.



Pléigh fadhb na ndrugaí i do cheantar féin sa rang, agus scríobh alt faoi i do chóipleabhar.



Bain úsáid as na nótaí san aonad seo chun na ceisteanna thíos a fhreagairt. Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.

- An bhfuil fadhb le drugaí san áit a bhfuil cónaí ortsa?
- An dtugtar tacaíocht agus comhairle do na handúiligh?
- Cén chabhair a fhaigheann déagóirí ar scoil?
- An bhfuil straitéis (*strategy*) ag an Rialtas chun dul i ngleic leis an bhfadhb?
- Cén fáth a dtógann daoine óga drugaí?
- Cén t-ainm atá ar an druga is coitianta sa tír? (*most common drug in the country*)
- An bhfuil fadhb na ndrugaí go forleathan i gcúrsaí spóirt?

B Bain úsáid as na nathanna cainte agus na focail thíos chun alt gearr a scríobh i do chóipleabhar.

Rás na bpointí

rás na bpointí	<i>the points race</i>
táillí triú leibhéal	<i>third-level fees</i>
ollscoil	<i>university</i>
coláiste réigiúnach	<i>regional college</i>
torthaí	<i>results</i>
brú uafásach	<i>terrible pressure</i>
halla staidéir	<i>study hall</i>
an fhoirm CAO	<i>the CAO form</i>
le líonadh	<i>to be filled</i>
athdhéanamh	<i>repeat</i>



C Pléigh an t-ábhar thíos sa rang.

Alcólacht

alcólach	<i>alcoholic</i>	ar meisce	<i>drunk</i>
míshláintiúil	<i>unhealthy</i>	faiseanta	<i>fashionable</i>
beoir	<i>beer</i>	ceirtlis	<i>cider</i>
teiripe	<i>therapy</i>	sciúirse	<i>scourge</i>
fadhbanna sóisialta	<i>social problems</i>	foréigean	<i>violence</i>




D Críochnaigh an giota seo a leanas:

An fhadhb is mó atá againn in Éirinn inniu ná fadhb na ndrugaí. Deirtear go bhfuil páistí ocht mbliana d'aois ag instealladh agus ag caitheamh hearóin. Bíonn an-bhrón orm nuair a chloisim scéalta faoi pháistí ag ól nó ag tógáil drugaí mídhleathacha.

Léimid ailt sna nuachtáin gach seachtain faoi dhaoine óga gan dídean.

Scríobh giota leanúnach (leathleathanach nó mar sin) ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas:

- (i) Fadhb na ndrugaí in Éirinn
- (ii) Daoine óga in Éirinn inniu
- (iii) Rás na bpointí

**Céim 5****A Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

Tá fadhb na ndrugaí _____ in Éirinn inniu.

Is gnó _____ é ar fud an domhain

Tuilleann na _____ níos mó airgid bliain i ndiaidh bliana.

Gach seachtain faigheann daoine bás _____ hearóin nimhithe a chaitheamh.

Tá stráitéis ag teastáil chun _____ leis an bhfadhb.

Cuirtear brú ar dhaoine óg _____ a bhaint as drugaí dainsearacha.

Tá easpa oideachais agus easpa _____ i measc na n-óg.

mangairí, de bharr, forleathan, deileáil, luachmhar, triail, eolais

B Cuir Béarla ar na focail agus na nathanna cainte agus ansin scríobh abairtí leo seo a leanas:

Rás na bpointí _____

Grúpaí áitiúla _____

Na fadhbanna sóisialta _____

Halla staidéir _____

Táillí triú leibhéal _____

Mangairí drugaí _____

Míshláintiúil _____

C Léigh an giota seo a leanas agus foghlaim na nathanna cainte atá ann:

Tá fadhb na ndrugaí forleathan in Éirinn. Deirtear go bhfuil níos mó daoine óga ag tógáil drugaí crua inniu ná mar a thóg na blianta ó shin. Measaim go bhfuil íomhá thaitneamhach ag drugaí i measc na n-óg. Tá brú mhillteanach ar dhaoine óga, agus go minic tógann said drugaí chun éalú ó na fadhbanna uafásacha atá acu.

Le déanaí bhunaigh an Rialtas tascfhórsaí áitiúla drugaí agus tascfhórsaí réigiúnacha chun dul i ngleic leis an bhfadhb ach tá an fhadhb, fós le feiceáil i ngach ceantar tuaithe agus gach baile mór in Éirinn. Measaim go bhfuil níos mó airgid ag teastáil chun fostaíocht a chruthú chun cabhair agus cúnamh a thabhairt do dhaoine óga.

I mo scoil féin tá straitéis againn chun déileáil leis an bhfadhb. Tugann an comhairleoir tacaíocht do dhaltaí atá gafa le drugaí, agus cabhraíonn an clinic lae áitiúil freisin.

Is é mo thuairim go bhfuil gach duine a thógann drugaí i mbaol an bháis agus go bhfuil sé de dhualgas orainn go léir a bheith ar ár n-airdeall.

Gluais

go forleathan	<i>widespread</i>	drugaí crua	<i>hard drugs</i>
íomhá thaitneamhach	<i>pleasant image</i>	éalú	<i>escape</i>
brú millteanach	<i>terrible pressure</i>	bhunaigh said	<i>they set up</i>
tascfhórsaí áitiúla	<i>local task forces</i>	réigiúnacha	<i>regional</i>
ceantair tuaithe	<i>country areas</i>	a chruthú	<i>to create</i>
fostaíocht	<i>employment</i>	déileáil	<i>cope with</i>
comhairleoir	<i>adviser</i>	straitéis	<i>strategy</i>
tacaíocht	<i>support</i>	ar airdeall	<i>vigilant</i>

D Scríobh giota leanúnach ar cheann amháin de na hábhair seo seo a leanas:

- (i) Drugaí
- (ii) Bíonn saol crua ag déagóirí inniu
- (iii) Alcólacht